COMHAD FÍRICÍ:
SLÁINTE & CÚRAM SÓISIALTA GCE

ÚSÁIDEOIRÍ FÁSTA SEIRBHÍSÍ

Rewarding Learning

Pleanáil agus soláthar d'úsáideoirí fásta seirbhísí

Inneachar na Sonraíochta

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- eolas agus tuiscint a léiriú ar an ghá le hathrú i soláthar seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta ar a bhfuil cuntas in '*Transforming Your Care: A Review of Health and Social Care in Northern Ireland' 2011*, lena n-áirítear:
  - daonra atá ag méadú agus ag éirí níos sine;
  - fadhbanna sláinte fadtéarmacha a bheith ag éirí níos coitianta;
  - méadú ar an éileamh ar leapacha sna hospidéil agus barraíocht spleáchais orthu;
  - deacrachtaí lucht saothair cliniciúil a sholáthar; agus
  - an gá le tuilleadh táirgiúlachta agus luach ar airgead.

- eolas agus tuiscint a léiriú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag *Transforming Your Care* ar sholáthar seirbhísí bunaithe ar an tsamhail don todhchaí le haghaidh sláinte agus cúram sóisialta comhtháite.

Inneachar an Chúrsa

Is é *Transforming Your Care (TYC)* an t-ainm a thugtar ar an doiciméad a rinne foireann a cheap an tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí in 2011. Rinne an fhoireann seo athbhreithniú ar an dóigh a rabhthas ag seachadadh seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta i dTuaisceart Éireann, agus le cáilíocht na seirbhísí sin agus rochtain orthu a mheas.
Cuireadh de chúram ar an fhoireann seo fosta moltaí a chur chun tosaigh faoi sholáthar na seirbhísí, mar sin de tá pleananna sa doiciméad seo le córas sláinte agus cúram sóisialta Thuaisceart Éireann a athrú le go mbeidh sé ag freastal ar riachtanais an phobail go ceann tamall fada amach anseo.

An Cás ar son Athraithe

San athbhreithniú scrúdaíodh na príomhthosca a léirigh go raibh athrú de dhíth lena n-áirítear:

- daonra atá ag fás *(amharc suíomh gréasáin Northern Ireland Statistics and Research Agency le fianaise a fháil ar mhéadú ar an daonra)* agus ar dhul in aois (*amharc ar thuairisc nuachta BBC dar teideal 'Big rise predicted in numbers of older people in NI'*);
- riochtaí sláinte fadtéarmacha ag éirí níos coitianta
- *Léigh an tuairisc anseo:*
  - *Cad iad na príomhriochtaí sláinte fadtéarmacha a scrúdaíodh?*
  - *Cad é an méadú a tuaradh do Thuaisceart Éireann?;*
- méadú ar éileamh agus barraíocht spleáchais ar leapacha sna hospidéil
- deacrachtaí a bhaineann le lucht saothair cliniciúil *(amharc ar an tuairisc a bhí ann ar na mallaibh tuairisc in Belfast Telegraph ar ghanntanais in iontaobhais áitiúla)*; agus
- an gá le tuilleadh táirgiúlachta agus luach ar airgead *(Amharc ar alt in Belfast Telegraph ar an ghá le luach ar airgid a fháil sa tseirbhís sláinte)*.

Samhail don todhchaí le haghaidh sláinte agus cúram sóisialta comhtháite

Is féidir breathnú ar an tuairisc anseo
– tá léaráid den tsamhail don todhchaí ar lch 43.

Gheobhaidh tú thíos achoimre ar na príomhphointí sa tsamhail don todhchaí.

An duine aonair
Mhol an fhoireann athbhreithnithe samhail don todhchaí le haghaidh sláinte agus cúram sóisialta comhtháite i dTuaisceart Éireann ina bhfuil daoine aonair ina lár agus seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta tógtha thart orthu le cuidiú leo aire a thabhairt dóibh féin agus cinntí maithe a dhéanamh faoi shláinte i.e. a bheith freagracht as a sláinte agus a bhfolláine féin.

Seirbhísí áitiúla
Seirbhísí Áitiúla Comhtháite: Beidh méadú ar an rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta i dtithe daoine agus in áislanna ina gceantar féin. Tá cleachtaí DG le bheith ag obair le chéile le seirbhísí a sholáthar mar 'cónaidhmeanna cleachtaí'. Forbrófar Seacht gCinn Déag de Chomhpháirtíochtaí Cúram Comhtháite leis an réimse de sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a nascadh le chéile i ngach ceantar. Ina measc beidh seirbhísí ón earnáil reachtúil (amhail DGanna, speisialtóirí sna hospidéil agus soláthraithe sláinte agus cúram sóisialta pobail) chomh maith leis an earnáil neamhspleách, lena n-áirítear eagraíochtaí deonacha. Oibreoidh siad le chéile le seirbhísí a sholáthar don phobal áitiúil agus mar sin beidh daoine aonair ag plé le níos lú gairmithe agus beidh siad i gcroílár na cinnteoireachta faoina gcúram agus a sláinte.

Níos mó Seirbhísí ar Fáil sa Phobal: A lán de na seirbhísí a bhfuil gá leo cuairt a thabhairt ar ospidéal faoi láthair, x-ghathanna agus tástáil ar bith eile dhiagnóiseach agus máinliacht bhéil, mar shampla, beidh siad ar fáil go háitiúil. Déanfaidh DGanna mionobráidí agus cuirfear coinní othair sheachtracha ar fáil sa phobal. Tacóidh sainchliniceoirí ospidéil le DGanna. Tá de chuspóir ag na hathruithe seo tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil riochtaí sláinte fadtéarmacha acu mar dhiaibéiteas, galar croí agus fadhbanna riospráide. Beidh rochtain acu ar réimse gairmithe (mar shampla, sainaltraí agus DGanna le Sainspéis, altraí, oibrithe sóisialta agus Gairmithe Sláinte Comhghuaillithe (*Allied Health Professionals*) eile, *mar shampla coslianna, fisiteiripeoirí agus teiripeoirí saothair*) i sainchlinicí pobalbhunaithe. Bainfear níos mó úsáid as trealamh Teileashláinte (*Is féidir tuilleadh a léamh faoi Teileashláinte anseo*) lena ligean do dhaoine monatóireacht a dhéanamh ar a riochtaí sláinte féin agus cuidiú a iarraidh nuair is gá. Rachaidh DGanna i gcomhairle le speisialtóirí sna hospidéil sa dóigh go mbeidh cead ag othair dul isteach san ospidéal gan iachall a bheith orthu freastal ar roinn éigeandála. Tá trácht ar leith ar othair atá faoi mhíchumas foghlama agus ar sheirbhísí meabhairshláinte fosta sa tsamhail seo ar thuilleadh seirbhísí a chur ar fáil sa phobal.

Tuilleadh Tacaíochta ar Fáil sa Bhaile: tá an bhéim sa tsamhail nua ar ligean do dhaoine atá tinn nó lag fanacht ina rogha teach cónaithe (*teach a muintire*

nó teach altranais nó ionad cónaithe) chomh fada agus is féidir. Beifear ábalta sin a dhéanamh trí níos mó tacaíocht shaincheaptha a sholáthar sa bhaile, mar shampla saintrealamh, cúram altranais, teileashláinte, agus teileamhonatóireacht agus trí thacaíocht ó réimse de ghairmithe agus d'eagraíochtaí deonacha agus pobail. Beidh bardaí fíorúla ann rud a fhágfaidh gur féidir le hothair cúram a fháil sa bhaile ó shainfhoirne nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach san ospidéal. Cuirfear foirne Freagairt Géarchéime agus Cóireáil Bhaile ar bun le haghaidh chóireáil mheabhairshláinte sa bhaile. Úsáidfear leapacha 'céim-suas' (*tagraíonn seo do sholáthar leapacha pobalbhunaithe do dhaoine a bhfuil cúram breise de dhíth orthu ar feadh tamall beag*) agus leapacha 'céim- síos' (*tagraíonn seo do sholáthar leapacha pobalbhunaithe le haghaidh athshlánaithe roimh dhul chun an bhaile dóibh i ndiaidh an t-ospidéal a fhágáil*) leis an bhrú a laghdú ar leapacha ospidéil. Beidh samhail athchumasaithe ann le cuidiú a thabhairt do dhuine sa bhaile i ndiaidh dó a bheith san ospidéal nó a bheith i dtaisme nó i gcás géarchéime eile. Tabharfar níos mó cúram faoisimh fosta agus sosanna beaga chomh maith le 'in-rochtain' ó sheirbhísí sláinte pobail chun tacú le daoine sa bhaile ag deireadh a saoil.

Cúram Práinneach: cuirfear samhail de chúram práinneach i bhfeidhm i ngach ceantar le go mbeidh rochtain lá agus oíche ar sheirbhísí práinneacha cúraim a thugann DGanna, sainaltraí, foirne freagartha géarchéim meabhairshláinte agus oibrithe sóisialta práinneacha.

Cúram éigeandála, sainchúram agus cúram pleanáilte

Tabharfar cúram éigeandála, sainchúram agus cúram pleanáilte in ospidéil do na daoine sin nach féidir freastal ar a riachtanais sa bhaile, ach is é an aidhm atá ann othair a scaoileadh amach chomh luath agus is féidir. Ansin tá na foirne cúram comhtháite pobalbhunaithe ann le hiarchúram a thabhairt agus tacaíocht ó speisialaithe ospidéil ar fáil acu más gá.

Comhoibriú seachtrach agus for-shainchúram
Má tá seirbhísí i gceist nach bhfuil de dhíth ach ar dhream beag daoine is ó áit eile seachas Tuaisceart Éireann a chuirfear sin ar fáil.

Gníomhaíochtaí

1. Gabh ar ais chuig doiciméad *TYC* agus léigh na cúig chás-staidéar ar leathanaigh 49–53. Do gach cás-staidéar, breac síos na príomhphointí a bhaineann leis an tsamhail don todhchaí a bhfuil achoimre uirthi thuas.

2. Gabh isteach in www.scie.org.uk agus amharc ar an scannán. '*Telecare – providing more personalised care*' "Sa scannán seo dírítear aird ar roinnt mhaith cás-staidéar de dhaoine ag úsáid teileachúraim le freastal ar a riachtanais tacaíochta. Trí na samplaí sa chás-staidéar, léirítear réimse teicneolaíochta atá ar fáil agus taispeántar an dóigh ar cuidíodh le daoine fanacht neamhspleách, mar gur lú a bhí siad i muinín cúramóirí foirmiúla agus cúramóirí neamhfhoirmiúla."

3. Pléigh an dóigh ar athraigh teileachúram saol daoine a bhfuil riochtaí ainsealacha sláinte acu, daoine atá anois ábalta fanacht sa bhaile in áit cúram bheith á thabhairt dóibh in institiúidí nó i dtithe cúraim fadtéarmacha.

Foinse
www.transformingyourcare.hscni.net

Íomhánna© thinkstock.com

© CCEA 2018